2025/2592

18.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2592 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid chóir, bunaithe ar ghnáthphatrúin úsáide, agus bearta frithchalaoise le haghaidh cumarsáid laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus muirir mhiondíola ar chumarsáid rialáilte laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 5a(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na huasteorainneacha ar phraghsanna miondíola le haghaidh cumarsáid laistigh den Aontas a bunaíodh in Airteagal 5a(1) de Rialachán (AE) 2015/2120, a tháinig i bhfeidhm sna Ballstáit uile an 15 Bealtaine 2019, socraíodh iad ar leibhéal lenar ceadaíodh do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhirbhunaithe atá ar fáil go poiblí a gcostais a fhorchúiteamh, rud a d'áirithigh go ndearnadh idirghabháil chomhréireach ar an margadh cumarsáide soghluaiste agus seasta araon. Na bearta sin, a bhí le dul in éag an 14 Bealtaine 2024 de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2015/2120 arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), is é arbh aidhm dóibh a áirithiú nár gearradh praghsanna iomarcacha ar thomhaltóirí ar chumarsáid laistigh den Aontas.

(2) Le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) 2015/2120, cuirtear síneadh le cur i bhfeidhm na n-uasteorainneacha ar phraghsanna miondíola le haghaidh cumarsáid laistigh den Aontas go dtí an 30 Meitheamh 2032. De bhun Airteagal 5a(9) den Rialachán céanna, faoin 30 Meitheamh 2027, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Airteagal 5a agus féadfaidh sé, más iomchuí, a chinneadh togra reachtach a thíolacadh d'fhonn é a leasú.

(3) De bhun Airteagal 5a(8) de Rialachán (AE) 2015/2120, soláthraithe a chinneann go deonach gan praghsanna miondíola éagsúla a chur i bhfeidhm ar thomhaltóirí le haghaidh cumarsáid intíre agus cumarsáid laistigh den Aontas, tá siad le bheith díolmhaithe ó na huasteorainneacha praghais miondíola a leagtar síos do chumarsáid laistigh den Aontas a chur i bhfeidhm, faoi réir beartas maidir le húsáid chóir. Sa chás sin, tá siad le bheith díolmhaithe ó phraghsanna rialáilte ar chumarsáid laistigh den Aontas. Is coimirce é beartas maidir le húsáid chóir lenar cheart do sholáthraithe imeacht ó na praghsanna cóineasaithe agus formhuirir a chur i bhfeidhm, má sháraíonn an úsáid a bhaineann tomhaltóirí as cumarsáid laistigh den Aontas na coinníollacha atá leagtha síos ag an soláthraí chun gnáthúsáid na cumarsáide laistigh den Aontas a shainiú i mBallstát ar leith.

(4) Ar an gcéad dul síos, leis na coinníollacha lena sainítear gnáthúsáid, ba cheart méideanna cumarsáide laistigh den Aontas a shonrú lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí líon aonad a thomhailt le haghaidh glaonna agus teachtaireachtaí SMS laistigh den Aontas, arna muirearú ar na praghsanna miondíola baile is infheidhme, rud atá comhsheasmhach lena bpleananna taraife faoi seach agus atá leordhóthanach chun raon leathan patrún úsáide tomhaltóirí a chumhdach, lena n-áirítear go háirithe tomhaltóirí a bhfuil tomhaltas réasúnta ard cumarsáide laistigh den Aontas in aghaidh na míosa acu a leanann de bheith ag brath ar chumarsáid thraidisiúnta amhail glaonna teileafóin nó teachtaireachtaí SMS. Ar an dara dul síos, ba cheart a dtréimhse feidhme a shonrú sna coinníollacha lena sainítear gnáthúsáid. Ba cheart an tréimhse iarratais shainithe sin a bheith cothrom le tréimhse bhilleála amháin ar a laghad, ach d'fhéadfaí í a shíneadh chuig roinnt tréimhsí billeála arna sonrú ag an soláthraí. Féadfaidh soláthraithe teorainneacha ar mhéideanna tomhaltais a shocrú, teorainneacha is infheidhme maidir le tréimhse amháin nó roinnt tréimhsí laistigh den tréimhse is infheidhme. Ar an tríú dul síos, ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha céanna lena sainítear gnáthúsáid maidir le pleananna taraife uile an tsoláthraí i mBallstát.

([1]) IO L 310, 26.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2120/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009, (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1971/oj).

(5) Leis an mbeartas maidir le húsáid chóir, ba cheart, ar thaobh amháin, méideanna iomchuí glaonna agus teachtaireachtaí SMS laistigh den Aontas a chur ar fáil do thomhaltóirí agus, ar an taobh eile, foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe amach anseo bunaithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar iompraíocht tomhaltóirí. D'fhéadfadh an úsáid a bhaintear as glaonna agus teachtaireachtaí SMS laistigh den Aontas a bheith éagsúil, *inter alia*, ag brath ar an gcineál tomhaltóra, ar an soláthraí, nó ar an mBallstát.

(6) Dá bhrí sin, leis na gnáthdhálaí úsáide, ba cheart lamháil solúbthachta leordhóthanach a bheith ag soláthraithe chun beartas maidir le húsáid chóir a shocrú a mheasann siad a bheith oiriúnach agus atá i gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo agus an tráth céanna, foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe amach anseo bunaithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar iompraíocht tomhaltóirí.

(7) Ní hionann an chumarsáid laistigh den Aontas agus an fhánaíocht agus ní hionann an úsáid atá beartaithe dóibh. Murab ionann agus cumarsáid laistigh den Aontas, is seirbhís trasteorann í an fhánaíocht rialáilte atá beartaithe le haghaidh taisteal tréimhsiúil agus ní le haghaidh úsáid bhuan. Dá bhrí sin, tá an fhánaíocht i mbaol úsáid aimhrialta agus mí-úsáide chun críoch eile seachas an úsáid atá beartaithe, agus tá baol ann go n-úsáidfear cumarsáid laistigh den Aontas thar ghnáthúsáid. Dá bhrí sin, tá coincheap na húsáide a sháraíonn gnáthúsáid na cumarsáide laistigh den Aontas éagsúil leis an gcoincheap maidir le húsáid 'aimhrialta agus mí-úsáid' seirbhísí fánaíochta miondíola ar phraghsanna baile, mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ina dtagraítear d'úsáid seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta i mBallstát seachas Ballstát a soláthraí baile chun críoch eile seachas críoch taistil thréimhsiúil agus ar féidir beartas maidir le húsáid chóir a chur i bhfeidhm ina leith.

(8) Leis an mbeartas maidir le húsáid chóir níor cheart difear a dhéanamh do cheart na soláthraithe bearta frithchalaoise a dhéanamh más rud é go n-eascraíonn úsáid chalaoiseach as an gcinneadh deonach gan praghsanna miondíola a chur i bhfeidhm ar thomhaltóirí le haghaidh cumarsáid laistigh den Aontas seachas cumarsáid intíre. Ba cheart cead a bheith ag soláthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí don phobal a bhrath agus a chosc go mbaineann tríú páirtithe leas as an mbeartas maidir le húsáid chóir le haghaidh arbatráiste praghsanna chun buntáiste eacnamaíoch a fháil (e.g. Calaois Idirnáisiúnta Scaireanna Ioncaim, mí-úsáid cártaí SIM). Ba cheart na bearta sin a bheith comhréireach agus féadfar a áireamh orthu, *inter alia*, faireachán ar phatrúin tráchta chun aimhrialtachtaí a bhrath a d'fhéadfadh úsáid chalaoiseach nó mí-úsáid a léiriú, nó an tseirbhís a chur ar fionraí go sealadach go dtí go bhfíorófar an úsáid.

(9) An tráth céanna, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar bhearta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar bhealach ar bith dá gcumas cumarsáid laistigh den Aontas a úsáid. I ndáil leis sin, tá feidhm ag gach ceart tomhaltóirí a eascraíonn as Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le cearta tomhaltóirí. I gcomhréir le hAirteagal 102 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tá clásail chonarthacha lena bhforáiltear do bheartas maidir le húsáid chóir le cur in iúl go soiléir do thomhaltóirí sula mbeidh siad infheidhme.

(10) Ina theannta sin, sula dtéann tomhaltas cumarsáide laistigh den Aontas thar an ngnáthúsáid, ba cheart do sholáthraithe tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin úsáid sin ar an mbealach a shonraítear roimh ré i gconarthaí na dtomhaltóirí. In aon chás, ba cheart do bhearta den sórt sin an t-ualach riaracháin ar thomhaltóirí a íoslaghdú agus an líon foláireamh nach bhfuil gá leo a theorannú.

(11) Chun críocha an Ghnímh seo, ba cheart tomhaltóirí a thuiscint mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(15) de Threoir (AE) 2018/1972.

(12) Chuathas i gcomhairle le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach de réir Airteagal 5a(8) de Rialachán (AE) 2015/2120.

(13) An Coiste Cumarsáide, a bunaíodh le hAirteagal 118(1) de Threoir (AE) 2018/1972, níor thug sé tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas, (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/612/oj).

([4]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj).

([5]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach, (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beartas maidir le húsáid chóir

1. Leis an mbeartas maidir le húsáid chóir, beidh soláthraithe cumarsáide leictreonaí don phobal in ann coimirce a chur i bhfeidhm nuair is mó an úsáid a bhaineann tomhaltóir as cumarsáid laistigh den Aontas ná an ghnáthúsáid.

2. Chun tairbhe a bhaint as coimirce an bheartais maidir le húsáid chóir, socróidh soláthraí cumarsáide leictreonaí don phobal na coinníollacha lena sainítear gnáthúsáid na cumarsáide laistigh den Aontas ar feadh íostréimhse shainithe aon tréimhse billeála amháin, agus ar fud a phleananna taraifí uile i mBallstát.

3. Beidh na coinníollacha lena sainítear gnáthúsáid na cumarsáide laistigh den Aontas bunaithe ar mhéideanna cumarsáide laistigh den Aontas atá i bhfad níos airde ná an meánlíon nóiméad nó SMS laistigh den Aontas a ídítear in aghaidh na míosa in aghaidh an tomhaltóra i mBallstát mar a thuairiscítear sa tuarascáil meastóireachta comparáidí BEREC maidir le cumarsáid laistigh den Aontas is déanaí atá ar fáil an tráth a shocraítear na coinníollacha. I gcás nach bhfuil aon mheastóireacht chomparáideach ar fáil do Bhallstát, úsáidfidh an soláthraí meánfhigiúirí an Aontais.

4. Nuair a imíonn an úsáid a bhaineann tomhaltóir as cumarsáid laistigh den Aontas i dtréimhse shainithe ó na coinníollacha lena sainítear an ghnáthúsáid, ní fhéadfaidh soláthraithe muirir bhreise a ghearradh ach ar na haonaid chumarsáide laistigh den Aontas lena mbaineann go dtí deireadh na tréimhse sainithe ina dtarlaíonn imeacht den sórt sin.

5. Beidh feidhm ar leithligh ag an mbeartas maidir le húsáid chóir i gcás glaonna laistigh den Aontas, i gcás glaonna seasta agus soghluaiste, agus i gcás teachtaireachtaí SMS laistigh den Aontas.

6. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta faireachán ar chur i bhfeidhm ceart na coimirce agus déanfaidh siad é a fhorfheidhmiú.

Airteagal 2

Bearta frithchalaoise

Féadfaidh soláthraithe cumarsáide laistigh den Aontas bearta frithchalaoise a chur i bhfeidhm chun úsáid chalaoiseach a bhrath a bhaineann leis an gcinneadh deonach praghsanna miondíola comhionanna a chur i bhfeidhm ar chumarsáid intíre agus laistigh den Aontas. I gcás ina mbraitheann an soláthraí gníomhaíocht chalaoiseach agus ina gcinneann sé go bhfuil gá le bearta chun dul i ngleic go pras leis an gcalaois amhrasta, cuirfidh an soláthraí an t-údarás rialála náisiúnta nó an t-údarás inniúil eile ar an eolas a luaithe is féidir, agus, in aon chás, laistigh de 5 lá oibre tar éis ghlacadh na mbeart.

Airteagal 3

Cosaint sonraí

1. Nuair a chuireann soláthraí cumarsáide laistigh den Aontas beartas maidir le húsáid chóir i bhfeidhm, áireoidh sé sna conarthaí le tomhaltóirí arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 102 de Threoir (AE) 2018/1972, na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an mbeartas sin agus go háirithe, na formhuirir in aghaidh an ghlao agus an SMS laistigh den Aontas a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir le tomhaltas cumarsáide laistigh den Aontas a sháraíonn an ghnáthúsáid. Ina theannta sin, nuair a bheidh 80 % de ghnáth-theorainn úsáide úsáidte ag tomhaltóir, cuirfidh an soláthraí an tomhaltóir ar an eolas láithreach faoin mbaol go spreagfaí formhuirir agus faoi na formhuirir is infheidhme.

2. Beidh sé de cheart ag tomhaltóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí arna ndéanamh ag an soláthraí cumarsáide laistigh den Aontas, lena n-áirítear trí idir-réiteach críochnúil agus trí chomhlachtaí inniúla um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 25 de Threoir (AE) 2018/1972.

Airteagal 4

Idirthréimhse mheastóireacht chomparáideach BEREC

1. Déanfaidh BEREC an mheastóireacht chomparáideach le haghaidh cumarsáid laistigh den Aontas a nuashonrú chun a áirithiú go dtuairisceofar an chumarsáid uile laistigh den Aontas sa mheastóireacht chomparáideach amach anseo. Beidh an tuarascáil meastóireachta comparáidí nuashonraithe ar fáil faoi mhí Dheireadh Fómhair 2026.

2. Beidh soláthraithe in ann an Tuarascáil Meastóireachta Comparáidí BEREC maidir le Cumarsáid laistigh den Aontas is déanaí atá ar fáil a chur i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí le gur féidir idirthréimhse a bheith ann,

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN